RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/866 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Bealtaine 2021

lena gcuirtear ar fionraí bearta beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá, bearta arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le feidhmiú chearta an Aontais chun rialacha trádála idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm agus a fhorghníomhú, na háirithe na cinn a bunaíodh faoi choimirce EDT, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 3286/94 ón gComhairle lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail i réimse an chomhbheartais tráchtála d'fhonn feidhmiú chearta an Chomhphobail faoi rialacha trádála idirnáisiúnta ([1]) a áirithiú, go háirithe míreanna 3 agus 4 d'Airteagal 7 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Meitheamh 2018, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 ([2]) maidir le bearta beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (na Stáit Aontaithe), rialachán lena bhforáiltear maidir le cur i bhfeidhm dleachtanna custaim breise ar allmhairí isteach san Aontas de líon áirithe táirgí de thionscnamh na Stát Aontaithe.

(2) Go háirithe, rinne an Coimisiún dleachtanna custaim breise a fhorchur thar ceann an Aontais ar na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886, rud a d'fhág an méid seo a leanas:

(a) na dleachtanna *ad valorem* breise ar ráta 10 % agus 25 % ar allmhairí na dtáirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I, faoi mar a shonraítear san Iarscríbhinn sin, is dleachtanna iad a tháinig i bhfeidhm an 21 Meitheamh 2018, agus socraíodh iad a bheith i bhfeidhm nó go scoirfidh na Stáit Aontaithe de na bearta coimirce atá á gcur i bhfeidhm acu féin maidir le táirgí ón Aontas;

(b) is ón 1 Meitheamh 2021 a bheadh feidhm ag na dleachtanna *ad valorem* breise ar ráta 10 %, 25 %, 35 % agus 50 % ar allmhairí na dtáirgí a liostaítear in Iarscríbhinn II, faoi mar a shonraítear san Iarscríbhinn sin, sin nó tar éis do Comhlacht um Réiteach Díospóide EDT rialú a ghlacadh, nó fógra a fháil ina leith, le rá go bhfuil bearta cosanta na Stát Aontaithe ar neamhréir le forálacha ábhartha Chomhaontú EDT, más é is túisce, nó go scoirfidh na Stáit Aontaithe de na bearta coimirce atá i bhfeidhm acu maidir leis an Aontas.

(3) Tar éis Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/724 ([3]) a ghlacadh, rinne an Coimisiún cur i bhfeidhm lamháltas dleachta ar allmhairí ar an trádáil leis na Stáit Aontaithe faoi EDT 1994 a chur ar fionraí thar ceann an Aontais i ndáil leis na táirgí a áirítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/724. Is céim é sin a cheadaíonn dleachtanna custaim breise a chur i bhfeidhm ar allmhairiú táirgí de thionscnamh na Stát Aontaithe faoi mar a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886.

(4) Is éard a fhoráiltear le hAithris 7 de Rialachán (AE) Cur Chun Feidhme 2018/886 go bhféadfaidh an Coimisiún an Rialachán sin a leasú thar ceann an Aontais, más iomchuí sin dar leis, chun aon mhodhnú nó leasú ar bhearta coimirce na Stát Aontaithe a thabhairt san áireamh.

(5) An 17 Bealtaine 2021, d'fhoilsigh an tAontas agus na Stáit Aontaithe Ráiteas Comhpháirteach inar chomhaontaigh siad "conair a leagan amach a chuirfeadh deireadh le díospóidí EDT tar éis do na Stáit Aontaithe taraifí ar allmhairí ón Aontas faoi roinn 232 a chur i bhfeidhm". Sa chomhthéacs sin, is éard ba cheart don Aontas a dhéanamh cur i bhfeidhm na ndleachtanna breise a chur ar fionraí, is é sin na dleachtanna breise *ad valorem* ar tháirgí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886, rud ba chéim thábhachtach ionsair dhíothú cómhalartach na mbeart sriantach a mbeadh de chuspóir leis an t-am agus na coinníollacha is gá a chur ar fáil chun réiteach polaitiúil a fháil ar an gceist.

([1]) IO L 189, 27.6.2014, lch. 50; arna leasú le Rialachán (AE) 2015/1843 agus le Rialachán (AE) 2021/167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 49, 12.2.2021, lch. 1).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 ón gCoimisiún an 20 Meitheamh 2018 maidir le bearta áirithe beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/724 (IO L 158, 21.6.2018, lch. 5).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/724 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2018 maidir le bearta áirithe beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 122, 17.5.2018, lch. 14).

(6) Ba cheart go mairfeadh an tréimhse fionraí go dtí an 30 Samhain 2021, tréimhse a meastar í a bheith leordhóthanach chun na gcríoch a luaitear san aithris roimhe seo.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 7(4) de Rialachán (AE) 654/2014, ach forais phráinne a bheith ann, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh atá infheidhme láithreach, gníomhartha lena gcuirfí bearta beartais tráchtála ar fionraí, nuair is modhnú ar bheart an tríú tír lena mbaineann atá san fhionraí. Sa chás seo, i bhfianaise an chuspóra leis an am agus na coinníollacha is gá a chur ar fáil chun an cheist a réiteach, faoi mar a luaitear in aithris (5), tá údar maith le an cur i bhfeidhm láithreach an Rialacháin, agus chun na críche sin ní mór cur i bhfeidhm luath Iarscríbhinn II a chur ar fionraí, ionas nach mbeidh feidhm ag dleachtanna *ad valorem* breise ar na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn II le linn na tréimhse is gá chun na cuspóirí atá i gceist a bhaint amach.

(8) Is Rialachán é seo nach ndéanann difear laistigh de EDT do chur i bhfeidhm na lamháltas dleachta ar allmhairí ar an trádáil leis na Stáit Aontaithe faoi GATT 1994 a chur ar fionraí i gcás an dá tháirge a áirítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/724, faoi mar a modhnaíodh iad i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886. Is infheidhme fós d'fhionraí oibleagáidí EDT, agus maidir leis an Rialachán seo, cuirtear cur i bhfeidhm dleachtanna allmhairithe breise ar fionraí leis.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), is 14 lá ar a dhéanaí tar éis a ghlactha a chuirfidh an Coimisiún an Rialachán seo faoi bhráid an Choiste um Bacainní Trádála, coiste a bunaíodh le Rialachán (AE) 2015/1843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), féachaint lena thuairim a fháil,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cur i bhfeidhm dleachtanna *ad valorem* breise ar ráta 10 %, 25 %, 35 % agus 50 % ar allmhairí ar na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886, cuireann an tAontas ar fionraí cur i bhfeidhm na ndleachtanna sin go dtí an 30 Samhain 2021, an 30 Samhain 2021 san áireamh.

Dá bhrí sin, beidh feidhm ag na dleachtanna dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 agus éifeacht leo ón 1 Nollaig 2021, an 1 Nollaig 2021 san áireamh.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Bealtaine 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

([5]) Rialachán (AE) 2015/1843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2015 lena leagtar síos nósanna imeachta an Aontais i réimse an chomhbheartais tráchtála d'fhonn feidhmiú chearta an Aontais faoi rialacha trádála idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe na cearta a bunaíodh faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Trádála (códú) (IO L 272, 16.10.2015, lch. 1).